CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2022/1482 ÓN GCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 25 Lúnasa 2022

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique) (EUTM Mozambique/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique) ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/1143, ceapadh an Briogáidire-Ghinearál Nuno LEMOS PIRES ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique).

(2) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2021/1143, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EUTM Mozambique, lena n-áirítear na cinntí ábhartha maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin a cheapadh ar EUTM Mozambique.

(3) An 22 Iúil 2022, mhol Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh go ndéanfaí an Captaen Cabhlaigh Rogério Paulo Figueira MARTINS de BRITO a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa nua Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Mozambique amhail ón 9 Meán Fómhair 2022. Chuir údaráis na Portaingéile in iúl go dtabharfar ardú céime don Chaptaen Cabhlaigh Rogério Paulo Figueira MARTINS de BRITO go Ceannasóir nuair a cheapfar ina Cheannasaí Fórsa ar Mhisean an Aontais Eorpaigh é.

(4) An 26 Iúil 2022, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an moladh sin agus d'aontaigh sé go molfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an moladh seo a fhormheas.

(5) Ba cheart cinneadh maidir leis an gCaptaen Cabhlaigh Rogério Paulo Figueira MARTINS de BRITO a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM Mozambique amhail ón 9 Meán Fómhair 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an Ceannasóir Rogério Paulo Figueira MARTINS de BRITO a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mozambique) amhail ón 9 Meán Fómhair 2022.

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 93.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach